Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2023 (OR. en)**

**9043/23**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2008/0140(CNS)**

**SOC 296**
**ANTIDISCRIM 41**
**MI 372**
**JAI 554**
**FREMP 131**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe / an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8468/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11531/08 - COM(2008) 426 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach<br>– *Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

## I. RÉAMHRÁ

An 2 Iúil 2008, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle arb é is aidhm dó an chosaint ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, mhíchumais, aoise nó claonta ghnéasaigh a leathnú go réimsí lasmuigh den fhostaíocht. Agus reachtaíocht CE[1] atá ann cheana sa réimse sin á comhlánú, dhéanfaí, leis an treoir atá beartaithe, idirdhealú ar na forais thuasluaite a thoirmeasc sna réimsí seo a leanas: an chosaint shóisialta, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta agus an cúram sláinte; an t-oideachas; agus rochtain ar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht.

[1] Go háirithe, Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE ón gComhairle.

Ba dhíol sásaimh i bprionsabal do thromlach mór na dtoscaireachtaí an togra, agus thacaigh cuid mhaith acu leis an aidhm atá aige an creat dlíthiúil atá ann cheana a thabhairt chun críche, trí aghaidh a thabhairt ar na ceithre fhoras uile idirdhealaithe trí chur chuige cothrománach.

Dhearbhaigh formhór na dtoscaireachtaí a thábhachtaí atá sé an chóir chomhionann a chur chun cinn mar luach comhroinnte laistigh den Aontas. Go háirithe, chuir roinnt toscaireachtaí i dtreis a shuntasaí atá an togra i gcomhthéacs Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). B'fhearr le roinnt toscaireachtaí, áfach, forálacha níos uaillmhianaí maidir le míchumas.

Á chur i dtábhacht dóibh a thábhachtaí atá sé an t-idirdhealú a chomhrac, tá ceisteanna curtha ag roinnt toscaireachtaí faoin ngá leis an togra ón gCoimisiún, ar sárú é, dar leo, ar an inniúlacht náisiúnta maidir le saincheisteanna áirithe, agus go bhfuil sé i gcoimhlint le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Tá soiléiriú iarrtha ag toscaireachtaí áirithe freisin agus tá údar imní curtha in iúl acu go háirithe maidir leis an easpa deimhneacht dhlíthiúil, roinnt na n-inniúlachtaí agus tionchar praiticiúil, airgeadais agus dlíthiúil an togra.

Tá forchoimeádais ghinearálta coinnithe ag dhá thoscaireacht maidir leis an togra mar atá.

Faoi láthair, tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta coinnithe ag na toscaireachtaí uile maidir leis an téacs.

Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha coinnithe ag CZ agus DK. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcuardach ar chomhréiteach, agus ag an am céanna coimeádann sé forchoimeádas grinnscrúdaithe maidir le haon athruithe ar a thogra bunaidh ag an gcéim seo.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 2 Aibreán 2009[2] faoin Nós Imeachta Comhairliúcháin. Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, tagann an togra faoi Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh anois; tá, dá bhrí sin, gá le haontoilíocht sa Chomhairle, tar éis *toiliú* a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

[2] Féach A6-0149/2009. Cheap an Pharlaimint reatha Alice Kuhnke (SE/na Glasaigh/SCE) ina rapóirtéir.

## II. OBAIR NA COMHAIRLE FAOI UACHTARÁNACHT NA SUALAINNE

Ag eascairt as an bplé a rinneadh in 2021 agus 2022, inar díríodh den chuid is mó ar na forálacha maidir le míchumas[3], lean an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta[4] dá scrúdú ar an gcomhad bunaithe ar nóta stiúrtha[5] a chuir Uachtaránacht na Sualainne síos.

Sa nóta stiúrtha uaithi, d'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí a chur in iúl an raibh gá le soiléiriú breise ar phríomhfhorálacha áirithe a bhaineann le *coincheap an idirdhealaithe* (Airteagal 2), *an raon feidhme* (Airteagal 3) agus *cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas* (Airteagal 4a).

Mheas líon mór toscaireachtaí nach raibh gá le soiléiriú breise ar na gnéithe thuasluaite. D'athdhearbhaigh toscaireacht amháin a tuairim nach raibh prionsabal na coimhdeachta á urramú sa togra. Mheas toscaireachtaí eile go raibh gá le tuilleadh oibre a dhéanamh ar na trí shaincheist, agus ar chodanna eile den téacs freisin. I measc na bpríomh-shaincheisteanna a ardaíodh le linn an phlé bhí:

**Airteagal 2 — Coincheap an idirdhealaithe**

D'iarr toscaireacht amháin go ndéanfaí sainiú níos soiléire ar choincheap an idirdhealaithe, d'fhonn éiginnteacht dhlíthiúil agus an gá go ndéanfadh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) léirmhíniú ar an gcoincheap amach anseo a sheachaint.

Ba mhian le toscaireachtaí áirithe go ndéanfaí soiléiriú ar *coincheap an idirdhealaithe iomadúil* (lena n-áirítear leithcheal trasnach) sna hairteagail chomh maith leis na haithrisí[6].

D'iarr toscaireachtaí áirithe go ndéanfaí coincheapa an *idirdhealaithe trí bhainteacht* agus an idirdhealaithe *bunaithe ar thoimhdí* a chur ar ais sa téacs.

Theastaigh ó thoscaireacht amháin go ndéanfaí raon feidhme na Treorach a leathnú chun féiniúlacht inscne agus léiriú inscne a chumhdach in éineacht le claonadh gnéasach.

---

3 Féach 9109/21, 14046/21 agus 13070/22.
4 Tionóladh cruinniú an 11 Bealtaine 2023.
5 8468/23.
6 Féach freisin Aithris 12ab.

D'fhacthas do thoscaireachtaí áirithe gur gá soiléiriú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le difríochtaí ceadaithe sa chóir a chuirtear ar fáil i soláthar seirbhísí airgeadais bunaithe ar aois nó ar riocht sláinte a d'fhéadfadh a bheith nasctha le míchumas duine, lena n-áirítear i gcomhthéacs Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD).

**Airteagal 3 — Raon Feidhme**

D'iarr toscaireacht amháin go ndéanfaí na forálacha maidir le 'haois' a shoiléiriú chun éiginnteacht dhlíthiúil agus an gá go ndéanfadh CBAE léirmhíniú ar na forálacha sin amach anseo a sheachaint.

D'iarr toscaireacht amháin go scriosfaí an tagairt cháilitheach do 'nósanna imeachta dlíthiúla' náisiúnta, d'fhonn urraim do thosaíocht dhlí an Aontais (Airteagal 3(1)) a áirithiú. Cheistigh toscaireacht amháin eisiamh na dteidlíochtaí slándála sóisialta a bhaineann le stádas pósta ó raon feidhme na Treorach freisin.

**Airteagal 4a — Cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas**

Mheas toscaireachtaí áirithe gur gá soiléiriú a dhéanamh ar na cearta agus na díolúintí sonracha a eascraíonn as na forálacha a bhaineann le cóiríocht réasúnta, lena n-áirítear coincheap an ualaigh dhíréirigh. Ag meabhrú dóibh a thábhachtaí atá sé comhsheasmhacht a choinneáil le UNCRPD, thug roinnt toscaireachtaí rabhadh freisin nach ndéanfaí na forálacha maidir le míchumas a mhaolú, lena n-áirítear spriocdháta níos faide dá bhforáiltear maidir le cur chun feidhme an cheanglais i ndáil le cóiríocht réasúnta a chur ar fáil (Airteagal 15(2)). D'iarr toscaireacht amháin go ndéanfaí na forálacha inrochtaineachta a thabhairt isteach an athuair sa téacs.

Chuir toscaireacht amháin in iúl freisin gur gá Airteagal 12 a scriosadh nó a ailíniú i bhfianaise an phlé leanúnaigh ar na Treoracha atá beartaithe maidir le caighdeáin le haghaidh Comhlachtaí Comhionannais.

Leag ionadaí an Choimisiúin béim ar an ngá atá leis an uaillmhian a choinneáil maidir le hidirdhealú ar fhorais mhíchumais a chosaint agus chuir sé in iúl nach mór an Treoir a léirmhíniú, a mhéid is féidir, ar bhealach atá comhsheasmhach le UNCRPD. Maidir le hinrochtaineacht, thug ionadaí an Choimisiúin dá aire gur coimeádadh an fhoráil sa bhuntogra ina luaitear go bhfuil an Treoir gan dochar d’fhorálacha dhlí an Aontais lena gcumhdaítear inrochtaineacht i ndáil le hearraí nó seirbhísí áirithe, sa téacs reatha (Airteagal 4a(4)). Maidir le scriosadh na bhforálacha i ndáil le rochtain éifeachtach neamh-idirdhealaitheach, mheabhraigh ionadaí an Choimisiúin dó freisin go raibh sé riachtanach a áirithiú nach laghdódh an t-athrú sin cosaint daoine faoi mhíchumas sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir.

## III. CONCLÚID

D’athdhearbhaigh líon mór toscaireachtaí go dtacaíonn siad go láidir leis an togra agus go nglactar gan mhoill é, agus chuir go leor acu in iúl go bhféadfaidís tacú leis an Treoir mar atá dréachtaithe faoi láthair. Chuir ionadaí an Choimisiúin i bhfios go láidir go raibh an Coimisiún den tuairim i gcónaí gur tosaíocht é glacadh an togra agus go raibh sé toilteanach leanúint de thacaíocht a thabhairt don chaibidlíocht chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcomhad. I bhfianaise an ama atá caite ó cuireadh an togra síos den chéad uair, d’iarr roinnt toscaireachtaí freisin go ndéanfaí plé ar an leibhéal polaitiúil d’fhonn an tsáinn a shárú, más féidir.

Cé go ndearnadh dul chun cinn áirithe le linn an phlé is déanaí, a thaispeáin, arís, go dtacaítear a bheag nó a mhór leis an dréacht-treoir, is léir go bhfuil gá le tuilleadh oibre suntasaí sula bhféadfar an aontoilíocht is gá a bhaint amach sa Chomhairle.